C/2025/3466

27.6.2025

Achoimre ar an gCinneadh ón gCoimisiún

an 23 Aibreán 2025

a bhaineann le cinneadh de bhun Airteagal 29(1), pointe (a), Airteagal 30(1), pointe (a), agus Airteagal 31(1), pointe (h), de Rialachán (AE) 2022/1925

(Case DMA.100055 — META – ARTICLE 5(2))

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025)2091)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

(C/2025/3466)

An 23 Aibreán 2025, ghlac an Coimisiún cinneadh de bhun Airteagal 29(1), pointe (a), Airteagal 30(1), pointe (a), agus Airteagal 31(1), pointe (h), de Rialachán (AE) 2022/1925 ([1]). *I gcomhréir le forálacha Airteagal 44 de Rialachán (AE) 2022/1925, foilsíonn an Coimisiún leis seo ainmneacha na bpáirtithe agus príomhábhar an chinnidh, ag féachaint do leas dlisteanach gnóthas maidir lena rúin ghnó a chosaint.*

1. RÉAMHRÁ

(1) Leagtar amach sa chinneadh maidir le neamhchomhlíonadh (an 'Cinneadh') toradh an Choimisiúin nach gcomhlíonann an tsamhail fógraíochta 'Íoc nó Toiligh' arna cur chun feidhme ag Meta Platforms, Inc. ('Meta') san Aontas Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2022/1925 maidir le comhcheangal shonraí pearsanta a úsáideoirí deiridh ó Chroísheirbhísí Ardáin gan fógraí agus ó sheirbhísí ar leith de chuid Meta (dá ngairtear 'Seirbhísí Meta gan fógraí' go comhpháirteach), lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta dóibh, a Chroísheirbhísí Ardáin um Líonrú Sóisialta ar Líne, Facebook agus Instagram, an tSeirbhís Cumarsáide Idirphearsanta atá Neamhspleách ar Uimhir, Messenger, an tseirbhís idirghabhála ar líne, Marketplace, agus na seirbhísí ar leith, Dating agus Gaming Play, chomh maith lena sonraí pearsanta a fhaightear ó thríú páirtithe, ar thaobh amháin, a chomhcheangal le sonraí ó sheirbhís fógraíochta ar líne Meta, Meta Ads, ar an taobh eile, chun fógraíocht phearsantaithe a sholáthar.

(2) Mar thoradh air sin, gearrtar fíneáil ar Meta leis an gCinneadh, chomh maith le híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla féideartha mura gcomhlíonfaidh Meta an t-ordú stop agus scoir a leagtar amach sa Chinneadh.

2. CREAT DLÍTHIÚIL

(3) Le hAirteagal 5(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2022/1925, cuirtear toirmeasc ar gheatóir an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) sonraí pearsanta úsáideoirí deiridh a phróiseáil, chun críche seirbhísí fógraíochta ar líne a sholáthar, trí sheirbhísí tríú páirtithe a úsáideann croísheirbhísí ardáin an gheatóra a úsáid;

(b) sonraí pearsanta ón gcroísheirbhís ardáin ábhartha a chomhcheangal le sonraí pearsanta ó chroísheirbhísí ardáin breise nó ó sheirbhísí eile ar bith arna soláthar ag an ngeatóir, nó le sonraí pearsanta ó sheirbhísí tríú páirtithe; agus

(c) sonraí pearsanta a thras-úsáid ón gcroísheirbhís ardáin ábhartha i seirbhísí eile arna soláthar ar leithligh ag an ngeatóir, lena n-áirítear croísheirbhísí ardáin, agus *vice versa*;

([1]) Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (An Gníomh um Margaí Digiteacha) (IO L 265, 12.10.2022, lgh. 1).

(4) Mar sin féin, léirítear le hAirteagal 5(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2022/1925 nach bhfuil feidhm ag an toirmeasc ar na gníomhaíochtaí próiseála sonraí sin (dá ngairtear 'comhcheangal' go comhpháirteach) i gcás ina gcomhlíontar dhá choinníoll charnacha:

(i) tá ***rogha shonrach*** tugtha ag an ngeatóir don úsáideoir deiridh, is é sin a shonraí pearsanta a chomhcheangal ar fud a chroísheirbhísí ardáin agus a sheirbhísí ar leith. Maidir leis an rogha shonrach sin, ní mór rogha mhalartach nach bhfuil chomh pearsantaithe céanna ach atá coibhéiseach le seirbhís an gheatóra a thairiscint don úsáideoir deiridh, ar rogha í a bhfuil toiliú le comhcheangal sonraí ag teastáil ina leith; agus

(ii) tá ***toiliú bailí*** tugtha ag an úsáideoir deiridh leis an gcomhcheangal sin, de réir bhrí Airteagal 4(11) agus Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2016/679 ([2]).

3. SAMHAIL FÓGRAÍOCHTA META 'ÍOC NÓ TOILIGH'

(5) Is iad Facebook agus Instagram príomhsheirbhísí Meta gan fógraí. Ar na seirbhísí sin, tugann Meta an deis d'úsáideoirí deiridh ábhar orgánach a phostáil agus teacht ar an ábhar sin. Ina theannta sin, laistigh de thimpeallacht Facebook, is féidir le húsáideoirí deiridh seirbhísí éagsúla eile a úsáid, amhail Marketplace, Messenger, Gaming Play agus Dating. Is féidir le húsáideoirí deiridh rochtain a fháil ar sheirbhísí Meta gan fógraí trína gcuntais Facebook agus/nó Instagram.

(6) Trína sheirbhís fógraí, taispeánann Meta fógraí pearsantaithe ar a chuid ardán. Chun é sin a dhéanamh, déanann Meta na sonraí pearsanta uile a bhailíonn sé óna úsáideoirí deiridh agus ó roinnt suíomhanna gréasáin tríú páirtí a chomhcheangal le sonraí pearsanta a bhailíonn sé ó úsáideoirí deiridh a bhíonn ag idirghníomhú lena sheirbhís fógraí.

(7) Chun Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2022/1925 a chomhlíonadh, thug Meta isteach, i mí na Samhna 2023, samhail fógraíochta 'Íoc nó Toiligh' le haghaidh úsáideoirí deiridh na dtimpeallachtaí Facebook agus Instagram san Aontas, rud a thugann dhá rogha dóibh:

(a) an **rogha 'le Fógraí'**: is féidir ardáin líonraí sóisialta Meta a úsáid saor in aisce ach le fógraí atá go hiomlán pearsantaithe, trína gceanglaítear ar úsáideoirí toiliú le comhcheangal a sonraí pearsanta chun críche fógraíochta pearsantaithe;

nó

(b) an **rogha 'Íoc chun Stop a chur le Fógraí'**: is féidir ardáin líonraí sóisialta Meta a úsáid gan fógraí ach is gá táille síntiúis a íoc, mura mian le húsáideoirí deiridh toiliú le comhcheangal a sonraí pearsanta chun críche fógraíochta pearsantaithe.

4. NÓS IMEACHTA

(8) An 5 Meán Fómhair 2023, ghlac an Coimisiún cinneadh lena n-ainmnítear Meta mar gheatóir de bhun Airteagal 3(4) de Rialachán (AE) 2022/1925 ón gComhairle ([3]). Ó bhí an 7 Márta 2024 ann, bhí ar Meta na hoibleagáidí a leagtar síos sa Ghníomh um Margaí Digiteacha a chomhlíonadh, go háirithe Airteagal 5(2) den Rialachán sin, i ndáil leis na croísheirbhísí ardáin ainmnithe.

(9) Tugtar tuairisc ar shamhail fógraíochta Meta 'Íoc nó Toiligh' i dtuarascáil chomhlíontachta Meta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 6 Márta 2024.

(10) An 25 Márta 2024, ghlac an Coimisiún Cinneadh C(2024) 2052 lena dtionscnaítear imeachtaí de bhun Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2022/1925 i ndáil le samhail fógraíochta Meta 'Íoc nó Toiligh' d'fhonn go bhféadfaí cinneadh a ghlacadh de bhun Airteagail 29, 30 agus 31 de Rialachán (AE) 2022/1925 ([4]).

([2]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

([3]) Cinneadh C(2023) 6105 final, IO C, C/2023/1092, 23.11.2023.

([4]) Cinneadh C(2024) 2052 final.

(11) An 1 Iúil 2024, chuir an Coimisiún a Réamhthorthaí in iúl do Meta de bhun Airteagal 29(3) agus Airteagal 34(1) de Rialachán (AE) 2022/1925, inar chuir sé Meta ar an eolas faoina réamhchonclúid nach gcomhlíonann samhail fógraíochta Meta 'Íoc nó Toiligh' na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2022/1925. An 5 Lúnasa 2024, d'fhreagair Meta na Réamhthorthaí agus chuir sé in aghaidh réamhchonclúidí an Choimisiúin.

(12) Ó bhí an 6 Márta 2024 ann agus le linn an imscrúdaithe, tá Meta ag plé leis an gCoimisiún an bhféadfaí fógra malartach a thabhairt isteach laistigh dá shamhail fógraíochta 'Íoc nó Toiligh' mar chuid dá réiteach comhlíontachta foriomlán le hAirteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2022/1925. An 12 Samhain 2024, tar éis forbairt shubstaintiúil ar an tsamhail, chuir Meta rogha bhreise 'saor in aisce' (an rogha 'Fógraí Breise') i bhfeidhm dá úsáideoirí deiridh nach mian leo toiliú le comhcheangal iomlán sonraí le haghaidh fógraí spriocdhírithe.

(13) Ní bhaineann an Cinneadh seo ach le samhail fógraíochta bunaidh Meta 'Íoc nó Toiligh' le haghaidh na tréimhse ama ó mhí an Mhárta go mí na Samhna 2024. Tá an teorainn sin le raon feidhme an Chinnidh seo gan dochar do chumas an Choimisiúin imscrúdú a dhéanamh ar rogha Meta 'Fógraí Breise' agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht na rogha sin le Rialachán (AE) 2022/1925 ag céim níos déanaí.

(14) I gcomhréir le hAirteagal 29 agus le hAirteagal 50(2) de Rialachán (AE) 2022/1925, chuathas i gcomhairle le Coiste Comhairleach na Margaí Digiteacha agus d'eisigh sé a thuairim dhearfach an 22 Aibreán 2025.

5. **MEASÚNÚ AN CHOIMISIÚIN**

(15) Ar bhonn na fianaise a bhailigh an Coimisiún le linn a imscrúdaithe agus ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil dó, tar éis a oibleagáid maidir le comhar dílis le Coimisiún na hÉireann um Chosaint Sonraí a urramú agus tar éis dó dul i gcomhairle le Coiste Comhairleach na Margaí Digiteacha, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nach gcomhlíonann samhail fógraíochta Meta 'Íoc nó Toiligh' Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2022/1925 a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas: (i) leis an tsamhail seo, ní thugtar rogha shonrach d'úsáideoirí deiridh ardáin líonraí sóisialta Meta maidir le rogha mhalartach nach bhfuil chomh pearsantaithe céanna ach atá coibhéiseach; agus (ii) ní chuireann cumraíocht na samhla seo ar a gcumas d'úsáideoirí deiridh toiliú gan bhac le comhcheangal a sonraí pearsanta chun críche fógraíochta pearsantaithe. Is ar na cúiseanna seo a leanas a bhunaíonn an Coimisiún a chonclúid.

(16) ***Ar an gcéad dul síos,*** measann an Coimisiún nach dtugann samhail fógraíochta Meta 'Íoc nó Toiligh' 'rogha shonrach' d'úsáideoirí deiridh ardáin líonraí sóisialta Meta maidir le rogha mhalartach nach bhfuil chomh pearsantaithe céanna ach atá coibhéiseach leis an rogha 'le Fógraí' toisc go léiríonn an dá rogha coinníollacha éagsúla rochtana. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh coinne réasúnta a bheith ag Meta, agus d'fhéadfadh fios a bheith aige, go dtabharfadh a shamhail fógraíochta 'Íoc nó Toiligh' ar fhormhór a úsáideoirí deiridh an rogha saor in aisce 'le Fógraí' a roghnú mar gheall ar easpa coibhéise den sórt sin.

(17) ***Ar an dara dul síos,*** measann an Coimisiún nach n-áirithítear le cumraíocht shamhail fógraíochta Meta 'Íoc nó Toiligh' go dtugann úsáideoirí deiridh toiliú gan bhac lena n-urramaítear na ceanglais faoi Rialachán (AE) 2016/679 maidir le comhcheangal a sonraí pearsanta chun fógraí a phearsantú. Is é is cúis leis sin éagothroime shoiléir cumhachta idir Meta agus úsáideoirí deiridh a Sheirbhísí gan fógraí agus an dochar is dócha a dhéanfar d'úsáideoirí deiridh nuair a dhiúltaíonn siad toiliú a thabhairt (*i.e.*, trí tháille síntiúis a íoc).

6. **ORDÚ STOP AGUS SCOIR**

(18) I bhfianaise an mhéid thuas, ordaíonn an Coimisiún do Meta, de bhun Airteagal 29(5) de Rialachán (AE) 2022/1925, deireadh éifeachtach a chur le neamhchomhlíonadh a shamhla 'Íoc nó Toiligh' laistigh de 60 lá féilire ó dháta an fhógra ('ordú stop agus scoir').

(19) Chun an t-ordú stop agus scoir sin a chomhlíonadh, ba cheart do Meta rogha mhalartach, nach bhfuil chomh pearsantaithe céanna ach atá coibhéiseach, a thairiscint dá úsáideoirí deiridh nach mian leo toiliú le húsáid iomlán a sonraí pearsanta le haghaidh fógraí spriocdhírithe,

(a) ar rogha í a chuirtear i láthair ar bhealach neodrach agus le sreafaí roghanna a ligeann d'úsaideoirí deiridh rogha a dhéanamh a bheith páirteach sa rogha mhalartach sin;

(b) ar rogha í nach mbaineann le próiseáil sonraí pearsanta atá faoi réir na gceanglas maidir le rogha shonrach agus toiliú an úsáideora deiridh faoi Airteagal 5(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha; agus

(c) ar rogha í atá coibhéiseach leis an tseirbhís le haghaidh úsáideoirí toilteanacha, ach amháin a mhéid a bhaineann leis an méid sonraí pearsanta a úsáidtear ach atá coibhéiseach, mar shampla, i dtéarmaí feidhmíochta, taithí agus coinníollacha rochtana, agus dá bhrí sin, nach seirbhís a ngearrtar táille uirthi í.

7. **FÍNEÁLACHA AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ PIONÓSACHA TRÉIMHSIÚLA**

(20) I bhfianaise an mhéid thuas, leis an gCinneadh gearrtar fíneáil EUR 200 000 000 ar Meta de bhun Airteagal 30(1) de Rialachán (AE) 2022/1925. Ní sháraíonn an fhíneáil a ghearrtar an t-uasmhéid a cheadaítear le haghaidh 10 % de láimhdeachas domhanda Meta, mar a shainordaítear le Rialachán (AE) 2022/1925.

(21) Léirítear sa Chinneadh freisin go dtabhóidh Meta íocaíocht phionósach thréimhsiúil nach sáróidh an teorainn a shonraítear in Airteagal 31(1) de Rialachán (AE) 2022/1925 mura gcomhlíonfaidh sé an t-ordú stop agus scoir.

(22) Ní chaitear amhras ar an mbreithniú sin leis an rogha 'Fógraí Breise' atá á tairiscint ag Meta ó bhí an 12 Samhain 2024 ann, ós rud é nach féidir a chur as an áireamh nach gcomhlíonann an rogha nua sin an Cinneadh go fóill.

8. **CONCLÚID**

(23) Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, leis an gCinneadh cuirtear deireadh leis na himeachtaí trína chinneadh nach gcomhlíonann samhail fógraíochta Meta 'Íoc nó Toiligh' Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2022/1925, agus gearrtar fíneáil ar an gcúis sin. Ina theannta sin, forchuirtear leis an gCinneadh ordú stop agus scoir ar Meta chun deireadh a chur leis an sárú laistigh de 60 lá féilire ó dháta an fhógra, agus forchuirfear íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla freisin i gcás nach gcomhlíonfadh Meta an t-ordú.